C/2024/4385

10.7.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/4385)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Formentera'

PGI-ES-A0875-AM03

Dáta teachtaireachta: 8.5.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

MÉADÚ AR AN TÁIRGEACHT EASTÓSCTHA

Tuairisc:

Méadaíodh an uastáirgeacht eastósctha fíonchaor go fíon ó 65 % go 70 %. Dá bhrí sin, tá méadú tagtha ar an Hl is féidir a tháirgeadh ó gach Ha, ó 55,25 go 59,5 Hl/Ha.

Leasaíodh Ranna 3, 5 agus 7.b den tsonraíocht táirge agus Ranna 5.1 agus 5.2 den doiciméad aonair dá réir.

Is leasú caighdeánach é i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (an Rialachán maidir le CEM Aonair).

Cúiseanna:

In 2004, suíodh nár cheart níos mó ná 65 lítear fíona in aghaidh gach 100 kg fíonchaor a bheith mar thoradh ar an mbrú iomchuí a úsáid chun úrfhíon a eastóscadh le haghaidh Vino de la Tierra de Formentera, luach a bhí ag teacht le táirgeacht eastósctha fáisceán traidisiúnta ag an am.

Le tabhairt isteach fáisceán a bhaineann úsáid as teicneolaíocht atá cothrom le dáta, fuarthas amach go bhféadfaí an táirgeacht a mhéadú go 70 lítear in aghaidh gach 100 kg fíonchaor, rud a chuireann feabhas ar cháilíocht an fhíona.

Tacaítear leis an toradh sin le staidéar a chuir an grúpa iarrthach isteach, staidéar inar thángthas ar an gconclúid gurb é an toradh ar mhéadú ar eastóscadh úrfhíona, nuair a bhaintear amach é ar bhealach rialaithe, méadú ar leibhéil tainniní agus feanól i bhfíonta, rud a chuireann feabhas ar a n-acmhainneacht aosaithe.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

   Formentera

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   TGFC - Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

   1. Fíon

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Fíon geal

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta geala iad na fíonta a chuirtear ar fáil lena gcaitheamh, agus tá dea-bholaithe glé glana acu, rud a thugann tuiscint mhaith ar na fíonchaora as a ndéantar iad. Sa bhéal, tá siad blasta, cothrom agus tathagach. Ní thugann aon cheann dá saintréithe ocsaídiú le fios, ach amháin na saintréithe a eascraíonn as aosú cuí. Is é an dea-bholadh agus an blas a bhaineann le haosú is saintréithe do na fíonta a aosaítear.

* Uasmhéid SO2: ≤ 200 mg/l i gcás fíonta ina bhfuil cion siúcra ≤ 5 g/l; ≤ 250 mg/l má tá an cion > 5g/l;

* Fíonta a aosaíodh > 1 bhliain: uas-aigéadacht sho-ghalaithe 14,33 mEq/l, méadú 1 mEq/l i gcás gach céime de neart alcóil os cionn 11 % de réir toirte.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, comhlíonfar reachtaíocht iomchuí an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) -

2. Fíon rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta geala iad na fíonta a chuirtear ar fáil lena gcaitheamh, agus tá dea-bholaithe glé glana acu, rud a thugann tuiscint mhaith ar na fíonchaora as a ndéantar iad. Sa bhéal, tá siad blasta, cothrom agus tathagach. Ní thugann aon cheann dá saintréithe ocsaídiú le fios, ach amháin na saintréithe a eascraíonn as aosú cuí. Is é an dea-bholadh agus an blas a bhaineann le haosú is saintréithe do na fíonta a aosaítear.

* Uasmhéid SO2: ≤ 200 mg/l i gcás fíonta ina bhfuil cion siúcra ≤ 5 g/l; ≤ 250 mg/l má tá an cion > 5g/l;

* Fíonta a aosaíodh > 1 bhliain: uas-aigéadacht sho-ghalaithe 14,33 mEq/l, méadú 1 mEq/l i gcás gach céime de neart alcóil os cionn 11 % de réir toirte.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, comhlíonfar reachtaíocht iomchuí an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 12

— Aigéadacht iomlán íosta 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) -

3. Fíon dearg

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta geala iad na fíonta a chuirtear ar fáil lena gcaitheamh, agus tá dea-bholaithe glé glana acu, rud a thugann tuiscint mhaith ar na fíonchaora as a ndéantar iad. Sa bhéal, tá siad blasta, cothrom agus tathagach. Ní thugann aon cheann dá saintréithe ocsaídiú le fios, ach amháin na saintréithe a eascraíonn as aosú cuí. Is é an dea-bholadh agus an blas a bhaineann le haosú is saintréithe do na fíonta a aosaítear.

* Uasmhéid SO2: ≤ 150 mg/l i gcás fíonta ina bhfuil cion siúcra ≤ 5 g/l; ≤ 200 mg/l má tá an cion > 5g/l;

* Fíonta a aosaíodh > 1 bhliain: uas-aigéadacht sho-ghalaithe 14,33 mEq/l, méadú 1 mEq/l i gcás gach céime de neart alcóil os cionn 11 % de réir toirte.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, comhlíonfar reachtaíocht iomchuí an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 12,5

— Aigéadacht iomlán íosta 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) -

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas saothraithe

Tá an dlús plandaithe teoranta do 5 000 planda ar a mhéad in aghaidh an heicteáir.

Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Úsáidtear an brú iomchuí chun an t-úrfhíon a eastóscadh agus chun é a dheighilt ón marc, sa chaoi nach bhfaightear níos mó ná 70 lítear fíona ó gach 100 kg fíonchaora.

5.2. *Uastáirgeacht*

8 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

59,5 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

An limistéar táirgthe, próiseála agus buidéalaithe fíonta a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint ‘Formentera’, cuimsítear ann oileán uile Formentera, atá lonnaithe i gComhphobal Uathrialach na nOileán Bailéarach.

7. **CINEÁL FÍONCHAOR (NÓ CINEÁLACHA FÍONCHAOR)**

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

FOGONEU

GARNACHA BLANCA

MALVASIA AROMÁTICA

MERLOT

MOLL - PRENSAL

MONASTRELL

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

SYRAH

TEMPRANILLO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Léirítear sainiúlacht an chreasa táirgthe i saintréithe orgánaileipteacha agus ceimiceacha na bhfíonta, rud a thugann a gcáil dóibh.

Bíonn táirgeadh íseal mar thoradh ar na huaireanta fada gréine, na teochtaí arda agus an ganntanas uisce, rud a chruthaíonn cion ard polaifeanóil agus siúcra agus a tháirgeann fíonta a bhfuil dath dian orthu atá saibhir ó thaobh alcóil de.

Is é an toradh a bhíonn ar ithreacha aolchloiche agus gainmheacha Formentera fíonta geala, troma le dea-bholaithe glana a bhaineann go sonrach leis na cineálacha fíonchaor.

Tá an ghné dhaonna ríthábhachtach chun fíonta a bhfuil na saintréithe sin acu a fháil, go háirithe maidir leis an am buainte is fearr is féidir a roghnú agus leis an táirgeacht fíonóireachta íseal.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní féidir Vino de la Tierra Formentera a chur ar an margadh ach amháin nuair a dhéantar é a bhuidéalú san áit tionscnaimh, chun cáilíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint a chosaint, inrianaitheacht a ráthú agus rialú a áirithiú.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór don chomhlacht cigireachta uimhir rialaithe a thabhairt do gach pacáiste a n-úsáidtear tásc geografach faoi chosaint 'Formentera' ar a lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.caib.es/sites/qualitatagroalimentaria/ca/vi_de_la_terra_formentera-690/